

Scoil Aonad	Leabharlann UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Leabharlannaí Cúnta, Oidhreacht Chultúrtha
Tréimhse an Phoist	Buan
Grád	Leabharlannaí Cúnta II
Scála Tuarastail	€42,278 - €64,944 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Leabharlann – Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	Ní bhaineann
Bainisteoir Líne	Ceann an Bhailiúcháin Speisialta
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019563
Riarthóir Acmhainní Daonna	Linda Meili
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	TÁ an ról seo incháilithe le haghaidh Cead Oibre.

Achoimre ar an bPost:

Is é misean Leabharlann UCD a bheith mar cheannaire maidir le cur le heispéireas na mac léinn, rannpháirtíocht dhomhanda a chumasú, agus feidhmiú mar lárionad intleachtúil do phobal UCD.

Tá 5 leabharlann mar chuid de Leabharlann UCD, chomh maith le Cartlanna UCD agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD. Cuireann Leabharlann UCD seirbhísí leabharlainne agus faisnéise ar fáil d’fhoireann agus do mhic léinn UCD. Tá an-chuid cnuasach a bhfuil fíorthábhacht náisiúnta leo le fáil i gCartlanna UCD agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD ionas gur féidir le pobal UCD agus taighdeoirí seachtracha iad a úsáid.

Tá Leabharlann James Joyce UCD i lár Clár Forbartha Caipitil ilchéime. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar chainníocht, ar cháilíocht agus ar éagsúlacht na spásanna foghlama do mhic léinn. Is cuid lárnach den fhorbairt seo bunú Ionad Oidhreachta Cultúrtha nua, a thabharfaidh le chéile trí bhailiúchán oidhreachta cultúrtha suntasacha domhanda UCD: Bailiúchán Speisialta UCD, Cartlanna UCD, agus an Bailiúchán Náisiúnta Béaloideas.

Baineann príomhfhócas an phoist seo le hábhair chlóite atá i mBailiúchán Speisialta UCD. Mar sin féin, síneann an raon feidhme chuig ábhair chlóite atá le fáil ar fud na stórtha Oidhreachta Cultúrtha go léir, lena n-áirítear bailiúchán leabharlann Bhailiúchán Béaloideas Éireann.

Bunaithe sa bhliain 1976, tá bailiúchán neamhchoitianta agus leithleach i mBailiúchán Speisialta UCD. Áirítear leis na bailiúcháin seo leabhair, irisí stairiúla, agus réimse ábhar cartlainne agus lámhscríbhinne. Fuarthas na príomhacmhainní ó institiúidí réamhtheachtaithe UCD: Ollscoil Chaitliceach na hÉireann agus Coláiste Ríoga na hEolaíochta d’Éirinn.

Ina theannta sin, tá ioncúnabal agus leabhair luathchlóite ann a bhailigh mainistreacha Proinsiasach na hÉireann thar roinnt céadta bliain. Tá bailiúchán shuntasacha ainmnithe ann freisin amhail bailiúchán Curran-Laird (lena n-áirítear litreacha bunaidh Joyce) agus cartlanna phearsana liteartha an 20ú haois amhail Mary Lavin, Maeve Binchy, Frank McGuinness, Patrick Kavanagh agus leabharlanna na mbailitheoirí Jack agus Máire Sweeney agus na bhfilí Thomas Kinsella agus Dennis O’Driscoll.

Chomh maith le clár oibre a chur i gcrích i mBailiúchán Speisialta, comhoibreoidh an Leabharlannaí Cúnta, Oidhreacht Chultúrtha, le daoine chun obair a chur chun cinn ar leabharlanna oidhreachta eile (mar sh. leabharlanna speisialaithe Chnuasach Bhéaloideas Éireann.)

Le blianta beaga anuas, tá Leabharlann UCD tar éis bogadh i dtreo polasaí chun rochtain iata agus neamh-iasachta a dhéanamh ar gach leabhar a foilsíodh roimh 1930. Mar thoradh air sin, leathnaíodh ról na mBailiúchán Speisialta laistigh den leabharlann i dtéarmaí bainistíocht agus forbairt ghinearálta na mbailiúchán.

Tá fócas ar leith in obair na mBailiúchán Speisialta ar chomhtháthú sealúchais oidhreachta cultúrtha sa churaclam trí

ranganna a chur ar fáil laistigh de Bhailiúcháin Speisialta do mhic léinn fochéime agus iarchéime. Is feidhm lárnach de chuid na mBailiúchán Speisialta rannpháirtíocht agus for-rochtain phobail trí thurais, cuairteanna, ranganna, ranganna teagaisc agus taispeántais a chur ar fáil. Is é duine a bhfuil taithí aige ar obair le leabhair neamhchoitianta agus bailiúcháin speisialta i dtimpeallacht acadúil a líonfaidh ról an Leabharlannaí Cúnta, Oidhreacht Chultúrtha ar an mbealach is éifeachtaí.

Mar a luadh thuas, tá Leabharlann UCD ag dul trí thréimhse athraithe eagraíochtúil, fisiciúil, agus digiteach faoi láthair. Beifear ag súil go léireoidh an t-iarrthóir rathúil solúbthacht ina ról agus ina bhfreagrachtaí agus ba chóir go mbeadh siad in ann díograis a léiriú i leith fhorbairt leanúnach sheirbhísí Oidhreachta Cultúrtha na leabharlainne, lena n-áirítear cur i bhfeidhm próiseas agus seirbhísí nua, i gcomhthéacs an ionaid Oidhreachta Cultúrtha nua.

Beidh an t-iarrthóir rathúil mar chuid den Stiúrtóireacht Oidhreachta Cultúrtha agus tuairisceoidh sé/sí do Cheann na mBailiúchán Speisialta.